

## Mask-Mates -

### d'Oibrithe sa Líne Tosaigh/ Oibrithe Leighis

Le cuidiú ó 18 cniotálaí agus cróiseálaí deonacha, tá muid ag déanamh 'bandaí' Mask-Mate le cluasaí na hoibrithe a chosaint ón laisteach ar na mascanna máinliachta.

Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí leis an phobal as ucht an fhreagra iontach ar an glaoch a rinne muid do snáth agus cnaipí. Go data, tá **1800** bandaí beaga déanta againn— meascán de bhandaí cniotáilte agus cróiseálta.

Tá súil againn na *Mask-Mates* a roinnt le foireann leighis agus altranais sna seachtainí amach romhainn.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabhail le duine ar bith a thug cnaipí, snáithe cádaís agus go háirithe an am a ghlacadh na 'Mask-Mates' a dhéanamh. Gan do chuidiú ní bheadh sé déanta. Go raibh míle maith agaibh uilig!



### I measc na mbaill ar an bhfochoiste Covid-19 tá;

- Margaret Doherty
- Roger Curran
- Christina Byrne
- Caitríona Nic Seoin
- Martin Carr
- Andrew Doherty
- Yvonne McGinley

## EMERGENCY / CRISIS NUMBERS:

YOUR LOCAL GP OR  
NOWDOC OUT OF  
HOURS GP SERVICE  
1850 400 911

GARDAI /  
EMERGENCY  
SERVICES  
999 / 112

THE SAMARITANS  
116 123  
TEXT 087 260 9090  
EMAIL:  
jo@samaritans.ie

PIETA  
HOUSE  
"Preventing  
Suicide and  
Self-Harm"  
074 91 26594

JIGSAW  
Free Support  
Service for Young  
People 15-25yrs  
074 97 26920  
donegal@jigsaw.ie

- Líne Cabhrach an FSS: 1850 241850
- An Garda Síochána: 071 9858530
- ALONE: 0818 222 024
- Faisnéis do Shaoránaigh:  
076 107 4000

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabhail leis na Rannógaí Rialtais agus Eagrais Stáit as ucht maoiniú tacaíochta COVID19 a bhronnadh orainn. Ina measc; Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall (DLDC).



## Grúpa COVID-19 Ghleann Cholm Cille

Seirbhís tacaíochta do pharóiste  
Ghleann Cholm Cille, a reáchtáil ag  
Lár Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm  
Cille & CLG Naomh Columba





## Cad atá déanta againn le déanaí?

Ba mhaith linn uasdátú a thabhairt daoibh ar an méid atá déanta ag an ghrúpa ó chuireadh amach an bileog deireanach, agus muid ag obair de réir treoirínte an Rialtais agus an FSS.

Tá 46 duine anois cláraithe mar shaorálaithe agus grinnfhiosrúchán déanta acu uilig. Táthar uilig ar fáil le cuidiú le daoine atá i mbun féin-aonrú, cocúnú, nó daoine sa phobal atá ar lagchuidiú .

Seo a leanas na bealaí ar féidir linn cuidiú:

- 1) **Siopadóireacht a bhailiú agus a sheachadadh go dtí do dhoras** — socraigh an ordú leis an siopa agus baileoidh muid an siopadóireacht leat
- 2) **Cógais agus Oidís a bhailiú** — Táimid ábalta oidís a bhailiú agus a sheachadadh go dtí do theach
- 3) **Béilí ar Rothaí** — táimid ábalta béile a thabhairt fhad le daoine aosta nó iad siúd atá ina gcónaí leo féin faoi thrí sa tseachtain - dean teagmháil má tá tuilleadh eolas a dhíth.

**Chomh maith leis seo**, tá grúpa de 18 bean tar éis a bheith ag cuidiú linn mascanna aghaidhe a dhéanamh le ocht seachtaine anuas, le cosaint a thabhairt dóibh siúd atá go mór i mbaol. Go dtí seo tá 1,500 masc scaipthe againn ar dhaoine sa líne tosaigh (banaltraí san áireamh), cúntóirí baile,

## CONAS teagmháil a dhéanamh linn

Helping us to protect our family, friends and neighbours from the COVID-19 virus has proven challenging, but very successful so far.

### LE TEACHT AR ÁR SEIRBHÍS SEACHADTA BAILE, déan teagmháil le duine ón liosta thíos:

- ⇒ Christina Byrne – 087 746 5012
- ⇒ Martin Carr – 087 679 7995
- ⇒ Siobhán Ní Churraighín – 087 261 8121
- ⇒ Margaret Ní Chuinneagáin – 087 796 5343
- ⇒ Seamus Kennedy - 074-9739049

### Cad atá le déanamh agat:

#### Orduithe ón Chógaslann/Siopaí;

1)DÉAN DO LIOSTA AGUS GLAÓIGH AR AN SIOPA/CÓGASLANN -

Tá dualgas ar an duine i mbun féin-aonrú an íocaíocht a shocrú leis an siopa/cógaslann  
2)BAILEOFAR DO ORDÚ ÓN SIOPA agus glacfar é chuid do theach

**TÁBHACHTACH** - NIGH DO LÁMHA GO HIOMLÁN tar éis an siopadóireacht a fháil.

## Le cosc a chur ar scaipeadh an víris COVID-19:

- Coinnigh leis an scaradh sóisialta
- Cumhdaigh do bhéal/do shrón le ciarsúr páipéir agus tú ag déanamh casachta nó sraotha
- Nigh do lámha go maith agus go minic
- Seachain teagmháil le do shúile, do shrón agus do bhéal nuair nach bhfuil do lámha glan

**Moltar masc a chaitheamh nuair atá sé doiligh scaradh sóisialta a chinntiú, mar shampla i siopaí agus ar an gcóras iompar poiblí.**

Tá seans go gcuideoidh sé le cosc a chur ar scaipeadh an víris ag daoine nach bhfuil ar eolas go bhfuil sé orthu.

## Grúpa Freagartha Pobail Covid-19 Ghleann Cholm Cille

Ag obair le chéile tá fochoiste bunaithe ag **Lár Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille** agus **CLG. Naomh Columba** le seirbhís tacaíochta a chur ar fáil do mhuintir Ghleann Cholm Cille le linn na géarchéime seo

Chomh maith leis na seirbhísí seachadta bia, cógais agus siopadóireachta, tá an grúpa ag soláthar mascanna aghaidh SAOR IN AISCE!

### Cad chuige a chaitheá Masc Aghaidhe?

Déantar ár mascanna as éadach agus clúdaíonn siad do bhéal agus do shrón.

Má chaitear masc aghaidhe go poiblí tá níos mó seans go gcuirfear cosc ar scaipeadh an víris. Tá seans fosta go gcuirfear cosc ar scaipeadh braoiníní riospráide ó dhuine go duine.

**Tá seans go gcuideoidh mascanna le cosc a chur ar scaipeadh an víris ag daoine nach bhfuil ar eolas go bhfuil sé orthu**

**Tá mascanna aghaidhe ar fáil SAOR IN AISCE — Fón / WhatsApp / Ríomhphost:**

◇ Margaret Doherty - 087 2792151 /

oifiglcpg@gmail.com

◇ Christina Byrne - 087 7465012 /

byrneep1@hotmail.com